# TREORACHA

## TREOIR TARMLIGTHE (AE) 2022/2407 ÓN gCOIMISIÚN

**an 20 Meán Fómhair 2022**

**lena leasaítear na hIarscríbhinní a ghabhann le Treoir 2008/68/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle chun dul chun cinn eolaíoch agus teicniúil a chur san áireamh**

**(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)**

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Threoir 2008/68/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 24 Meán Fómhair 2008 maidir le hiompar intíre earraí contúirteacha ([1]), agus go háirithe Airteagal 8(1) de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) I Roinn I.1 d'Iarscríbhinn I, Roinn II.1 d'Iarscríbhinn II agus Roinn III.1 d'Iarscríbhinn III a ghabhann le Treoir 2008/68/CE, tagraítear d'fhorálacha a leagtar amach i gcomhaontuithe idirnáisiúnta maidir le hiompar intíre earraí contúirteacha de bhóthar, d'iarnród nó ar uiscebhealach intíre.

(2) Tugtar forálacha na gcomhaontuithe idirnáisiúnta sin cothrom le dáta gach 2 bhliain. Beidh feidhm ag a leaganacha leasaithe deiridh ón 1 Eanáir 2023 ar aghaidh, agus beidh idirthréimhse ann go dtí an 30 Meitheamh 2023.

(3) I gcomhréir le Dearbhú Comhpháirteach Polaitiúil an 28 Meán Fómhair 2011 ó na Ballstáit agus ón gCoimisiún maidir le doiciméid mhíniúcháin, ghlac na Ballstáit mar chúram orthu féin, i gcásanna a bhfuil údar cuí leo, doiciméad amháin nó níos mó a chur leis an bhfógra maidir lena mbearta trasuite, ar doiciméid iad lena mínítear an gaol idir codanna de Threoir agus páirteanna comhfhreagracha na n-ionstraimí náisiúnta trasuite.

(4) Dá bhrí sin, ba cheart Roinn I.1 d'Iarscríbhinn I, Roinn II.1 d'Iarscríbhinn II agus Roinn III.1 d'Iarscríbhinn III a ghabhann le Treoir 2008/68/CE a leasú dá réir sin,

TAR ÉIS AN TREOIR SEO A GHLACADH:

*Airteagal 1*

**Leasuithe ar Threoir 2008/68/CE**

Leasaítear Treoir 2008/68/CE mar a leanas:

1. in Iarscríbhinn I, cuirtear an méid seo a leanas in ionad Roinn I.1:

   "I.1. ADR

   Iarscríbhinní A agus B a ghabhann le ADR, de réir mar is infheidhme le héifeacht ón 1 Eanáir 2023, ar choinníoll go gcuirtear 'Ballstát' in ionad 'páirtí conarthach' de réir mar is iomchuí.";

2. in Iarscríbhinn II, cuirtear an méid seo a leanas in ionad Roinn II.1:

   "II.1. RID

   An Iarscríbhinn a ghabhann le RID, de réir mar is infheidhme le héifeacht ón 1 Eanáir 2023, ar choinníoll go gcuirtear 'Ballstát' in ionad 'Stát Conarthach RID' de réir mar is iomchuí.";

3. in Iarscríbhinn III, cuirtear an méid seo a leanas in ionad Roinn III.1:

   "III.1. ADN

([1]) IO L 260, 30.9.2008, lch. 13.

Na Rialacháin atá i gceangal le ADN, de réir mar is infheidhme le héifeacht ón 1 Eanáir 2023, chomh maith le hAirteagal 3, pointí (f) agus (h) agus Airteagal 8(1) agus (3) de ADN, ar choinníoll go gcuirtear 'Ballstát' in ionad 'páirtí conarthach' de réir mar is iomchuí.".

*Airteagal 2*

**Trasuí**

1. Na forálacha reachtaíochta, rialúcháin agus riaracháin is gá chun an Treoir seo a chomhlíonadh, déanfaidh na Ballstáit iad a thabhairt i bhfeidhm faoin 30 Meitheamh 2023 ar a dhéanaí. Cuirfidh siad téacs na bhforálacha sin in iúl láithreach don Choimisiún.

Nuair a ghlacfaidh na Ballstáit na forálacha sin, beidh tagairt iontu don Treoir seo nó beidh tagairt den sórt sin ag gabháil leo tráth a bhfoilsithe oifigiúil. Is iad na Ballstáit a chinnfidh an bealach le tagairt den sórt sin a dhéanamh.

2. Déanfaidh na Ballstáit téacs phríomhfhorálacha an dlí náisiúnta a ghlacfaidh siad sa réimse a chumhdaítear leis an Treoir seo a chur in iúl don Choimisiún.

*Airteagal 3*

**Teacht i bhfeidhm**

Tiocfaidh an Treoir seo i bhfeidhm an fichiú lá tar éis lá a foilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

*Airteagal 4*

**Seolaithe**

Is chuig na Ballstáit a dhírítear an Treoir seo.

Arna déanamh sa Bhruiséil, an 20 Meán Fómhair 2022.

*Thar ceann an Choimisiúin*
*An tUachtarán*
Ursula VON DER LEYEN